CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/171 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Feabhra 2022

maidir leis an iarraidh ar chlárúchán ón tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal "Win It On The Pitch" [An Bua ar Pháirc na hImeartha] de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 630)

(Is ag an téacs sa Bhéarla a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]) agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal "An Bua ar Pháirc na hImeartha" iarraidh ar chlárúchán faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Meán Fómhair 2021.

(2) Bhí trí chuspóir leis an tionscnamh, ba iad sin (1) moladh ón gComhairle a ghlacadh chun samhail na peile san Eoraip, samhail atá bunaithe ar luachanna, ar an dlúthpháirtíocht, ar inbhuanaitheacht agus ar chomórtais oscailte, a chosaint trí chreat de chuid an Aontais Eorpaigh agus treoirlínte a chur ar fáil le haghaidh ghníomhaíocht na mBallstát chun samhail na peile a chosaint san Eoraip, (2) treoirlínte ón gCoimisiún maidir le rialacha iomaíochta an Aontais a chur i bhfeidhm i gcás an spóirt, agus (3) Teachtaireacht ón gCoimisiún chun "an tsamhail is láidre is féidir den spórt Eorpach a thógáil don todhchaí, lena n-áirítear tagairt don mhéid lena bhfuil lucht leanúna agus saoránaigh an na hEorpa ag súil ón spórt san Eoraip".

(3) I gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2019/788, is féidir tionscnaimh a chlárú ach a mbeidh iarrtha acu ar an gCoimisiún gníomh dlí de chuid an Aontais a mholadh faoi chuimsiú a chumhachtaí chun na Conarthaí a chur chun feidhme. Cé go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún faoi Airteagal 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh togra a ghlacadh le haghaidh moladh ón gComhairle mar a léirítear faoi chuspóir 1 den tionscnamh, níor iarr cuspóirí 2 agus 3, faoi mar a dréachtaíodh iad ar dtús, ar an gCoimisiún "togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais" a ghlacadh. Níor iarr siad ar an gCoimisiún ach treoirlínte agus teachtaireacht ón gCoimisiún a ghlacadh.

(4) An 27 Deireadh Fómhair 2021, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/788, chuir an Coimisiún an grúpa eagraithe ar an eolas faoina mheasúnú gur comhlíonadh na ceanglais i ndáil le clárú a leagtar amach in Airteagal 6(3), pointe (a), pointe (d) agus pointe (e), den Rialachán sin agus nach raibh an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 6(3), pointe (b), infheidhme. Mar sin féin, léirigh an Coimisiún freisin nach raibh sé in ann teacht ar an gconclúid, le téacs an tionscnaimh mar a ceapadh san iarraidh an 30 Meán Fómhair 2021, gur chomhlíon an tionscnamh an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 6(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/788.

(5) Dá thoradh sin, cuireadh leagan leasaithe den tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin an 3 Eanáir 2022.

(6) Tá an tionscnamh ag iarraidh ar an gCoimisiún togra a ghlacadh le haghaidh moladh ón gComhairle lena gcuirtear creat de chuid an Aontais agus treoirlínte ar fáil le haghaidh ghníomhaíocht na mBallstát chun samhail na peile san Eoraip a chosaint, chun luach sóisialta an spóirt i sochaí na hEorpa agus sainiúlacht an spóirt i rialacha iomaíochta an Aontais a aithint agus chun fís agus beartas fadtéarmach an Aontais maidir le todhchaí agus rialachas spórt na hEorpa a láidriú.

(7) San iarscríbhinn, tugtar tuilleadh sonraí ar ábhar, ar chuspóirí agus ar chúlra an tionscnaimh. Ina theannta sin tá tuilleadh eolais maidir lena dtionscnamh curtha ar fáil ag na heagraithe i ndoiciméad eile.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55.

(8) A mhéid a fhéachann an tionscnamh le moladh ón gComhairle a ghlacadh arb é is cuspóir dó go gcuideodh an tAontas le spórt na hEorpa a chur chun cinn, ag féachaint do shainiúlacht an spóirt, dá chuid struchtúr atá bunaithe ar an ngníomhaíocht dheonach, agus don fheidhm shóisialta agus oideachasúil a bhaineann leis, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún togra le haghaidh gníomh dlí a thíolacadh ar bhonn Airteagal 165 den Chonradh.

(9) Ar na cúiseanna sin, is léir nach bhfuil aon chuid den tionscnamh lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin chun togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a chur isteach chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(10) Is conclúid é sin atá gan dochar don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha nithiúla fíorasacha agus substainteacha is gá le go ngníomhóidh an Coimisiún, lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta agus comhoiriúnacht le cearta bunúsacha.

(11) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa eagraithe go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788 agus gur i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin atá na teagmhálaithe ainmnithe aige.

(12) Ní tionscnamh é ar léir é a bheith míchuí, nó áibhéil ná drochrún a bheith leis, ná ní léir go bhfuil sé in aghaidh luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná in aghaidh na gceart a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(13) Ba cheart an tionscnamh dar teideal "An Bua ar Pháirc na hImeartha" a chlárú dá bhrí sin.

(14) Leis an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugtar le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún in aon chor go bhfuil ábhar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é grúpa eagraithe an tionscnaimh amháin atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann ábhar an tionscnaimh ach tuairimí an ghrúpa eagraithe in iúl, agus ní féidir a thuiscint in aon chor gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal "An Bua ar Pháirc na hImeartha".

Airteagal 2

Is chuig grúpa eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal "An Bua ar Pháirc na hImeartha", grúpa a bhfuil Ronan EVAIN agus Martha MESTRE GENS VIDA DA CONCEIÇÃO ag gníomhú thar a cheann mar theagmhálaithe, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán